Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

# Daoine agus Áit

# Plean Oidhreachta Phort Láirge

## 2017-2022



# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 3 |
| Brollach | 5 |
| Cuspóirí Straitéiseacha | 8 |
| Bearta | 11 |
| Aguisíní | 15 |

**RÉAMHRÁ**

Ar lorg bhunadh Phort Láirge agus rian a staire chuathas chomh fada siar leis an tríú haois, tráth ar dheonaigh Rí na Mumhan tailte ó Abhainn na Siúire go dtí an fharraige agus ó Lios Mór go dtí Ceann Créadáin, limistéir a chuimsigh beagnach gach Contae den cheantar is Port Láirge ann sa lá inniu ann do na Déisi. Sa 9ú haois tháinig na Lochlannaigh go dtí Port Láirge agus tá an dá rud sin ar na himeachtaí staire is suntasaí a thugann mórtas ceantair do Phort Láirge.

Is ionann Daoine agus Áit agus Oidhreacht. In 2015 dúirt an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn le linn dó comóradh 20 bliain na Comhairle Oidhreachta a bhuanú sa chuimhne:

*"Tá sé tábhachtach ... .go mbeadh cur chuige comhtháite ann trína ndéanfar nasc idir a bhfuil daoine ag iarraidh a dhéanamh agus áit. Dá thoradh sin beidh sé de chumas agus de chumhacht ag pobail áitiúla úsáid a bhaint as an oidhreacht chun a bhfolláine agus a gcaighdeán saoil a fheabhsú".*

*"Agus mholfainn..... go ndéanfaí machnamh ar ábhar is cúis díospóireachta ar cuireadh tús léis le gairid, is é sin tábhacht an spáis phoiblí maidir lenár n-oidhreacht agus lenár dtodhchaí. Is éard atá i gceist agam leis sin a thábhachtaí atá spásanna poiblí, a leithéidí páirceanna agus cearnóga agus siúlóidí; foirgnimh phoiblí cosúil le leabharlanna, ceolchoirmeacha, séipéil, hallaí, amharclanna agus fiú féilte agus margaí. Is gnéithe tábhachtacha iadsan uile dár n-oidhreacht: daoine ag caint, ag maireachtáil, ag comhrá lena chéile, ag rámhaíocht lena chéile más gá, ach i ndomhan poiblí".*

I bPlean Oidhreachta Phort Láirge 2017-2022 tugtar aitheantas don ghaol idir daoine agus áit a dhéanann leas a chéile. Is iad na daoine agus gníomhaíocht dhaonna, mar atá bunú adhlacthaí agus ionaid adhartha ársa, feirmeoireacht agus an tírdhreach dá toradh agus forbairt na n-ionad uirbeach a chruthaigh an oidhreacht seandálaíochta, foirgníochta, cultúrtha agus nádúrtha atá ann. Is iadsan is cúis leis gur áit chónaithe ar leith atá againn nach ionann le háiteanna eile. Tá aird á tarraingt sa phlean seo ar an maitheas agus ar an tuiscint ar aidhmeanna ar féidir a bhaint amach trí infheistiú san oidhreacht atá againn. Is áit ar leith é Port Láirge agus is tríd an tuiscint sin a aithint agus a chur chun cinn a spreagfar an bhraistint gur díol mórtais é an acmhainn sin a chothabháil, agus a chothófar spéis i gcuairteoirí agus in infheisteoirí an chathair agus an contae a thaiscéaladh.

Is plean cúig bliana é a foilsíodh sa bhliain chéanna ar osclaíodh Glasbhealach Phort Láirge, a ndearnadh uasghrádú ar Shlí Dhéagláin, ar seoladh Éire 2040, Creatlach Pleanála Náisiúnta, ar cuireadh an tríú Plean Bithéagsúlachta Náisiúnta i gcrích agus ar soláthraíodh Clár Éire Ildánach. Tá an bealach réitithe trí thionscadail agus trí pholasaí do rannpháirtíocht mhéadaithe i ngach gné den oidhreacht áitiúil. Táim ag

súil le soláthar an phlean seo agus a aidhmeanna, mar atá comhoibriú an phobail maidir le hoidhreacht ar fud Chathair agus Chontae Phort Láirge a chaomhnú, agus maidir le rannpháirteachas ina leith a mhéadú.
Tá sé i gceist leis an bplean seo go mbeidh an cur chuige ann straitéiseach agus comhordaithe agus is é a leas é sin, agus guím rath ar Fhóram Oidhreachta Phort Láirge ina n-iarrachtaí.

An Comhairleoir Adam Wyse, Méara Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 2016-2017

# Fís

Rannpháirteachas agus rochtain ar gach uile ghné den oidhreacht i gcathair agus i gcontae Phort Láirge a mhéadú agus caomhnúchán, dea-chleachtas agus tuiscint maidir leis an oidhreacht chomhroinnte agus leis an taitneamh a mbaintear aisti a chur chun cinn.

# Ráiteas Misin

Cur chuige straitéiseach agus comhordaithe maidir le hoidhreacht a leagan amach mar aitheantas ar na buntáistí a sholáthraíonn an oidhreacht; mórtas ceantair i leith Phort Láirge a shainiú, lón foghlama a fháil ón am atá caite d'fhonn pleanáil a dhéanamh don todhchaí agus breisluach maidir le forbairt Chathair agus Chontae Phort Láirge a chinntiú.

# Brollach

## 1.1 BONN CÉILLE

Ullmhaíodh plean oidhreachta áitiúil agus bunaíodh fóram oidhreachta áitiúil agus ba chuid é sin de bheartas an Rialtais sa Phlean Oidhreachta Náisiúnta (PON) 2002. Ina dhiaidh sin d'fhoilsigh an Chomhairle Oidhreachta treoirlínte maidir le hullmhúchán Pleananna Oidhreachta Áitiúla in 2003. Leagtar amach mar thosaíocht i *Culture 2025-Éire Ildánach A Framework Policy* (2016), uasdátú a dhéanamh ar Phlean Náisiúnta Oidhreachta chun aitheantas a thabhairt do bhearta a leagtar tábhacht leo sa réimse oidhreachta.

Tá an Plean Oidhreachta tábhachtach de bhrí go leagtar amach ann príomhaidhmeanna Phort Láirge ó thaobh na hOidhreachta de, thar thréimhse na 5 bliana atá amach romhainn agus is plean trasghníomhaireachta é le hionchur ón earnáil is mó is féidir díobhsan a bhfuil baint acu le tionscadail oidhreachta, le cláir pholasaí agus oibre ar fud na cathrach agus contae mar aon le próiseas comhairliúcháin phoiblí forleathan. Tá sé tábhachtach freisin toisc go leagtar amach ann an creat do leithdháileadh na Comhairle Oidhreachta a chuirimid isteach air trí Chiste bliantúil an Phlean Oidhreachta.

## 1.2 OIDHREACHT AGUS AN POBAL

In 2016 chuir Cathair agus Contae Phort Láirge clár imeachtaí ar siúl i gcuimhne Éirí Amach 1916, tá sé céad bliain ó shin, ar bhain seacht gcinn d'fho-imeachtaí ar leith leis mar atá Imeacht Searmóineach, Machnamh Stairiúil, Óige agus Samhlaíocht, Léiriú Cultúrtha, An Teanga Bheo, Rannpháirtíocht an Phobail agus Diaspóra Domhanda. B'ardú croí go háirithe an méid suime agus tacaíochta a fuarthas ó ghrúpaí pobail ar fud Phort Láirge maidir le gach gné de chlár na n-imeachtaí. Gan amhras is mór is eolach an pobal áitiúil agus bíonn bród acu as an oidhreacht áitiúil a bhaineann leo. Fíoraíonn roinnt príomhthionscadal cosúil leis an Scéim um Shéadchomhartha a Ghlacadh faoi Choimirce (Cnoc na Croiche, Dún Garbhán agus Round Hill, An Lios Mór 2016), taifeadadh agus glanadh Reilige (Drom Conáin, Baile an Aicéadaigh), Bailte Oidhreachta (An Lios Mór), Scéim na Coillearnaí Dúchasaí (Coillte agus Iontaobhas Páirce Dhún Mór) agus tionscadail Feabhsaithe Abhann (Cáirde Abhainn Naomh Eoin), gurb iad is fearr atá i riocht (i dteannta le tacaíocht agus le páirtíochtaí) cúram, caomhnúchán agus rannpháirtíocht maidir leis an oidhreacht a chur chun cinn. Léirigh rannpháirtíocht dhíograiseach an phobail i dtionscadail cosúil leis na Mamaigh i dTimpeallacht Inbhuanaithe (MISE 2011-2015) agus Iniúchadh Chósta Inbhear Phort Láirge (FLAG 2014) go raibh spéis ag daoine i suirbhéanna praiticiúla den fhiadhúlra agus den oidhreacht.Tá Portach Fionnúrach ar na cúpla tearmann dúlra faoi úinéireacht an phobail in Éirinn. Is gné ar leith iad na Gabhair Fraocháin a bhaineann le Charraig na bhFraochán de dhaonra mamach Phort Láirge.

Is táscaire eile é an rannpháirtíocht threisithe in imeachtaí Sheachtaine na hOidhreachta le 5 bliana anuas go bhfuil suim san oidhreacht ag méadú i measc an phobail i gcoitinne. Tá bonn

pobail láidir ann ar fud Phort Láirge chun tacú le tionscadail oidhreachta áitiúla i bhfianaise an líonra de thart ar 10 ngrúpa staire áitiúla, 20 Grúpa Bailte Slachtmhara agus réimse de ghrúpaí a oibríonn ar son an chomhshaoil agus an fhiadhúlra. Is prionsabal tábhachtach é de Phlean Oidhreachta Phort Láirge tacaíocht leanúnach a thabhairt do Thionscadail Oidhreachta Pobail agus do Thionscadail Eolaíochta Saoránaigh a fheidhmíonn ar bhonn áitiúil le grúpaí áitiúla.

## 1.3 OIDHREACHT AGUS CAIGHDEÁN SAOIL

Níos mó ná riamh is é béascna maireachtála an duine bheith ina shuí ag breathnú ar scáileán agus tá sé de riachtanas ann ó nádúr éalú amach agus bheith i dteagmháil leis an tírdhreach agus leis an gcomhshaol. Bíonn daoine gníomhach ag lorg áite agus spáis chun machnaimh chiúin agus chun dul ar a maranna. Táthar ag cur spéise in athuair i siúlbhealaí ársa agus i suímh cosúil le Cosáin Oilithrigh agus Tobair Naofa agus is mór acu iad. Is féidir a fhíorú go raibh na suímh sin ann go leanúnach ón tréimhse réamh-Chríostaíochta go dtí an lá atá inniu ann. Is ionann agus athnuachan ar ár mórtas ceantair athchuairt a dhéanamh ar shuímh oidhreachta agus aithne orthu a chothú in athuair, agus tugann sin téagar don tsamhlaíocht ar na saolta seo mar a mbíonn daoine gafa le béascna beatha gnóthacha.

Is forbairt shuntasach é Glasbhealach Phort Láirge - Rian Glas na nDéise i ndáil le caighdeán an tsaoil i bPort Láirge. Ní hamháin gur féidir siúl agus rothaíocht dá thoradh i dtimpeallacht atá saor ó thrácht ach táthar in ann taisteal, mar a bheadh trí thréimhse ama stairiúil, ar feadh ré na luath-Chríostaíochta, na Lochlannach, na Meánaoise, an Tionscail agus trí láithreáin oidhreachta an fíchiú haois déag agus taitneamh a bhaint ag an am céanna as limistéir shuntasacha gheolaíochta agus fiadhúlra ar nós LCS (Limistéir Chaomhantais Speisialta) Abhainn na Siúire, LCS Shléibhte an Chomaraigh agus LCS (Limistéir faoi Chosaint Speisialta) Chuan Dhún Garbhán.Is mór is éifeachtach eachtra amuigh faoin spéir ar feadh an Ghlasbhealaigh, ar feadh Shlí Dhéagláin, ar feadh na nUiscíbhealaí nó ar feadh rogha de na bealaí siúlóide iomadúla ag cothú caidrimh le héagsúlacht na hoidhreachta chun taitneamh a fháil trí na céadfaí, agus chun taitneamh meabharach nó spioradálta a fháil chomh maith. Tá an tuiscint láidir anois ann gurb ionann leas dúinn ár suímh oidhreachta agus caipiteal nádúrtha agus gur fiú luach a chur orthu mar chuid dár gclár sócmhainní náisiúnta. Is prionsabal tábhachtach de Phlean Oidhreachta Phort Láirge rannpháirtíocht phoiblí san oidhreacht agus méadú ar an gaipiteal nádúrtha a chur chun cinn mar bhunriachtanais chun an caighdean saoil a chothabháil.

## 1.4 TURASÓIREACHT OIDHREACHTA

I Lúnasa 2016 cuireadh fáilte roimh an milliúnú cuairteoir chuig Teach Chriostal Phort Láirge ón lá ar osclaíodh é i Meitheamh 2010. Is cuid é monarú gloine d'oidhreacht shaibhir thionsclaíoch Phort Láirge agus is é an rud is lárnaí é d'eachtra an chuairteora go dtí Triantán Lochlannach Phort Láirge lena n-áirítear Túr Reginald, Áras an Easpaigh ón 18ú hAois agus an Iarsmalann Mheánaoiseach a bhfuil gradam bainte amach aici. Is ionann na trí fhoirgneamh agus tríonóid d'iarsmalanna agus is amhlaidh go ndéantar oidhreacht shaibhir agus éagsúil Phort Láirge a cheiliúradh tríothu. Tugtar aitheantas do dhúshraith Phort Láirge

mar an chathair is ársa in Éirinn tríd an bhforbairt a dhéantar ar an Triantán Lochlannach agus aitheantas dá réir ar ról na hoidhreachta san athghiniúint uirbeach agus san fhás eacnamaíoch. Beidh deiseanna breise ar fáil mar gheall ar oidhreacht foirgníochta agus seandálaíochta na Cathrach do thionscadail staire beo agus d'oibriúcháin bhreise maidir le feabhas a chur ar an saol poiblí. Lasmuigh de Chathair Phort Láirge d'oscail Conair Ghairdín Phort Láirge oidhreacht shaibhir de thithe móra, de dhiméinte tírdhreacha agus de ghairdíní a bhféadfar taitneamh a bhaint astu ó Chathair Phort Láirge agus chomh fada le Gleannta na Siúire agus na hAbhann Móire. Tá sé de bhuntáiste ag Port Láirge go bhfuil Geopháirc ainmnithe ag UNESCO ann; tá sí ar na dtrí cinn de gheopháirceanna ar oileán na hÉirean. Is bonn daingean iad na féilte éagsúla trína gcuirtear cultúr agus oidhreacht Phort Láirge chun cinn chun níos mó cuairteoirí a tharraingt chuig an gcontae agus tá deiseanna á dtairiscint ag tionscnaimh náisiúnta a leithéidí Oirthear Ársa na hÉireann chun níos mó suíomh a réiteach le haghaidh cuairteoirí. Is prionsabal tábhachtach de Phlean Oidhreachta Phort Láirge é turasóireacht oidhreachta inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud Chathair agus Chontae Phort Láirge.

## 1.5 OIDHREACHT - FOGHLAIM, OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Is gné theannbhunaithe í den saol nua-aimseartha foghlaim ar feadh saoil agus tá sé léirithe go gcuidíonn sé le folláin dhearfach mheabhrach. Mar is amhlaidh i réimsí ábhar eile bíonn deiseanna go leor ar fáil chun cur leis an bhfoghlaim agus leis an oideachas i gcúrsaí oidhreachta. Is as an tuiscint a eascraíonn meas ar chaomhnúchán agus an cúram lena mbaineann. Déanann oideachas oidhreachta a leas do Phort Láirge trí chúrsaí agus ionaid éagsúla mar atá geopháirceanna Chlár Oideachais an Chósta Chopair, Scéim na hOidhreachta i Scoileanna, Conair Turasóireachta Ionad Il-Oideachais Dún Aill, Cúrsa sna Meáin Cliste agus Cúrsaí ITPL i mBainistíocht Ealaíona agus Oidhreachta agus i Scileanna Caomhantais Fheidhmigh. Cuireadh eachtraí staire beo ar fáil trí imeachtaí ar nós Seó Bóthair Réabhlóideach Phort Láirge, Dún Garbhán 800 agus "Go Biking" in éindí le Lochlannach. Is mór an acmhainn atá ann chun fiontair oidhreachta áitiúla cosúil le turais threoraithe maidir le seandálaíocht, le geolaíocht agus le fiadhúlra chomh maith le scéimeanna oiliúna a fhorbairt, chun scileanna traidisiúnta i gcaomhnúchán foirgnimh, i mbainistiú fiadhúlra, i smachtú speiceas ionrach agus dea-chleachtas maidir le bainistiú reiligí stairiúla a fhorbairt. Tá deiseanna ann chun líonraí maidir le hobair dheonach agus scileanna saoil i gcúram agus i gcaomhnúchán oidhreachta áitiúla a fhorbairt. Is prionsabal tábhachtach é de Phlean Oidhreachta Phort Láirge foghlaim ar feadh saoil agus oiliúint agus oideachas i dtaighde, i mbainistíocht agus i gcaomhnúchán oidhreachta a chur chun cinn.

## 1.6 OIDHREACHT AGUS AN AOIS DHIGITEACH

Ón am ar foilsíodh na pleananna oidhreachta deireanacha do Chathair agus do Chontae Phort Láirge tharla forbairtí tapa sa teicneolaíocht agus sna modhanna a ndeachaigh daoine i mbun cumarsáide agus ar tháinigh siad ar eolas. Is mór na deiseanna dá mbarr chun faisnéis ar oidhreacht Phort Láirge a scaipeadh agus chun dul i mbun cumarsáide le lucht airdill nua agus níos forleithne. Cuireann breathnóir Mhapaí Oidhreachta na Comhairle Oidhreachta,

córas taifead an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, an córas mapála bunaithe ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialtaarna, arna úsáid ag láithreáin ghréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Fhoirgnimh na hÉireann, GSI agus NMS, faoi deara go bhfuil sé níos éasca ná riamh eolas ar an oidhreacht áitiúil a fháil. Ar leibhéal áitiúil cuireann mapaí scéil CFG (Córas Faisnéise Geografaí) ar Ghlasbhealach Phort Láirge, an Triantán Lochlannach agus Tairseach Sheirbhísí Cultúrtha WCCC rochtain fhíorúil ar éagsúlacht oidhreachta Phort Láirge ar fáil. Is prionsabal tábhachtach é de Phlean Oidhreachta Phort Láirge fáil ar fhaisnéis oidhreachta a chur chun cinn agus dul i mbun cumarsáide le lucht airdill nua agus níos forleithne tríd an raon de mheáin dhigiteacha atá ar fáil.

Déantar freastal do sholáthar an Phlean Oidhreachta trí leithdháileadh de mhaoiniú ón gComhairle Oidhreachta sa raon €25-30,000 agus tá an soláthar cómhaoinithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Téann caiteachas Tionscadal na hOidhreachta chun sochair an gheilleagair áitiúil trí úsáid a bhaint as áiseanna comhdhála, as dearadh grafach agus as seirbhísí comhairliúcháin maidir le cló, iompar, meáin, caidreamh poiblí agus oidhreacht. Tá roinnt foinsí maoinithe ar fáil le haghaidh tionscadal faoi thionchar na hoidhreachta lena n-áirítear INTERREG, DAHRRGA agus DHPCLG.

**Clár Forbartha Tuaithe (LEADER) 2014-2020**

Tá CLG (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta) ChomhpháirtíochtaLEADER Phort Láirge freagrach as soláthar an Chláir Fhorbartha Tuaithe LEADER ar fiú € 7.5 milliún é do Chontae Phort Láirge. Leagtar amach sa chlár LEADER sraith de théamaí agus d'fho-théamaí tábhachtacha a mbeidh gníomhaíochtaí LEADER i gCo Phort Láirge bunaithe orthu. Orthu sin tá turasóireacht tuaithe, cosaint na bithéagsúlachta áitiúla, bailte tuaithe agus cosaint acmhainní uisce.

Is prionsabal tábhachtach é de Phlean Oidhreachta Phort Láirge tionscadail faoi thionchar na hoidhreachta a thacú trí Chlár LEADER Phort Láirge agus teacht ar na foinsí maoinithe eile atá ar fáil chun oidhreacht Phort Láirge a chur chun cinn, a chaomhnú agus a bhainistiú.

## 1.8 AN COMHTHÉACS NÁISIÚNTA

**Seandálaíocht 2025**

Is straitéis 10 mbliana í Seandálaíocht 2025 a bheas ina treoir d'fhorbairt seandálaíochta na hÉireann amach anseo. Tá sé d'aidhm ag an straitéis feasacht ar fhiúntas na seandálaíochta a mhúscailt agus admháítear inti go bhfuil samhaltú 3T, cartlannú digiteach agus seandálaíocht phobail ag athrú na modhanna a ndéantar imscrúduithe seandálaíochta. Tá Buanchoiste Seandálaíochta Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) ag obair i gcomhar leis an gClár Discovery ar fhorbairt na Straitéise.

**Clár Éire Ildánach 2017-2022**

Is Clár Oidhreachta an Rialtais a dílsíodh d'Éirinn in 2016 é Clár Éire Ildánach - is tionscnamh cúig bliana, 2017-2022 atá ann trína gcuirtear an chruthaitheacht i gcroílár polasaí poiblí. Is clár é atá bunaithe ar chúig cholún lena n-áirítear an chruthaitheacht agus an pobal a chur chun cinn in éindí le rannpháirtíocht údarás áitiúil. Iarrfar ar gach údarás áitiúil Plean Cultúir agus Cruthaitheachta a fhorbairt ina léireofar struchtúr agus aidhmeanna na straitéise náisiúnta i leith an chultúir agus na cruthaitheachta tríd is tríd. Cuirfear buiséad lántiomnaithe i leataobh le haghaidh gach Údaráis Áitiúil agus beidh sé mar phríomhchuspóir leis sin go mbeidh an saoránach rannpháirteach sna Pleananna Cultúir agus Cruthaitheachta lena mbaineann.

**Cultúr 2025**

Is creat polasaí é Cultúr 2025 d'fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Réigiúnach, Tuaithe agus Gaeltachta in 2016. Cuirtear bonntaca leis an bpolasaí trí thiomantas na hacmhainní a dhílsítear do na healaíona agus don oidhreacht a mhéadú agus feabhas a chur ar struchtúir mhaoinithe le haghaidh infheistíochta i seirbhísí náisiúnta agus áitiúla. Áirítear ar cholúin an chreata pholasaí: breathnú ar chomharobair mar an gnás nua; oidhreacht agus traidisiúin chultúrtha a cheiliúradh agus freagairt a thabhairt don aois dhigiteach. Áirítear ar na nithe a dtugtar tús áite dóibh sa phlean foilsiúchán an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta nua um Bithéagsúlacht, polasaithe agus tacaíochtaí an Phlean Oidhreachta Náisiúnta trína gchosnaítear an oidhreacht fhoirgníochta a thabhairt chun dáta, breis infheistíochts sa Ghaeilge agus dlús a chur le tionscnaimh atá ann cheana trí scéimeanna athnuachana bailte agus sráidbhailte nua agus trí thionscnamh leathnaithe maidir le Bailte Stairiúla.

**An Plean Bithéagsúlachta Náisiúnta 2017-2022**

Tógann an tríú Plean Bithéagsúlachta Náisiúnta ar an dá phlean a chuaigh roimhe sin ach go bhfuil na cuspóirí a leanas leis;
An bithéagsúlacht a choinneáil sa phróiseas déanta cinntí ar fud na n-earnálacha uile.
An bunachar eolais maidir le bainistiú caomhnúcháin agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a neartú go mór.
Feasacht agus meas ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais a mhéadú.
Seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sna ceantair tuaithe níos leithne agus sa timpeallacht mhuirí.
Leathnú agus a feabhsúchán a dhéanamh maidir le limistéar cosanta agus speiceas atá cosanta faoin dlí a bhainistiú.
Rialachas idirnáisiúnta seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais a neartú.

**Uiscí agus Pobail**

Is cur chuige nua é bunú Oifigí Uiscí agus Pobail údaráis áitiúil i 2016 ó thaobh rannpháirtíocht an phobail i mbainistiú na n-uiscí nádúrtha agus i gcur i ngníomh na Treorach Creata-Uisce. Tugtar aitheantas ann do fhiúntas na bpáirtíochtaí áitiúla maidir le huiscebhealaí áitiúla a bhainistiú, agus tugtar comhairle maidir le saincheisteanna teicniúla agus le deiseanna maoinithe do thionscadail uiscebhealaí phobail. Is mór is féidir do thionscadail dá leithéid caighdeán uisce, fiúntas gnáthóige agus úsáid áineasa uiscebhealaí iomadúla Phort Láirge a fheabhsú.

**Plean Pobail agus Eacnamaíoch Áitiúil Phort Láirge 2015-2020 (PPEA)**

Is plean cúig bliana é PPEA Phort Láirge trína ndéanfar stiúradh ar thacaíocht agus ar fheabhsúchán gheilleagar agus phobal Phort Láirge agus tá go leor beart liostaithe ann a bhaineann le turasóireacht oidhreachta, le hathghiniúint uirbeach, le hathnuachan maidir le cósta agus muirí agus bailte agus sráidbhailte, agus atá bunaithe ar an oidhreacht. Tá scóip ann do naisc tionscadail idir PPEA agus an Plean Oidhreachta.

Is prionsabal tábhachtach é de Phlean Oidhreachta Phort Láirge tacaíocht a thabhairt do pholasaí náisiúnta agus do thionscnaimh cosúil le Seandálaíocht 2025, Clár Éire Ildánach, Cultúr 2025, an Plean Bithéagsúlachta Náisiúnta 2017-2022, PPEA Phort Láirge agus Uisce agus Pobail.

## 2. CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

**D'aontaigh comhaltaí den Fhóram Oidhreachta faoi Chuspóirí Straitéiseacha agus faoi Mhórthorthaí arbh áil linn a bhaint amach trí Phlean Oidhreachta Phort Láirge 2017-2022 ag an gcéad chruinniú mar a leanas:**

Corraíl phoiblí faoi gach gné den oidhreacht a mhéadú

Teacht fisiciúil ar shuímh oidhreachta a mhéadú

Fáil ar fhaisnéis oidhreachta a mhéadú

Rannpháirtíocht an phobail i dtionscadail oidhreachta a mhéadú

Turasóireacht a bhaineann le hoidhreacht a mhéadú

Meas ar an oidhreacht i measc páirtithe leasmhara agus an phobail a mhéadú

Caomhnúchán agus taifeadadh oidhreachta a mhéadú

Maoiniú don oidhreacht i bPort Láirge a mhéadú

## 3. BEARTA AN PHLEAN OIDHREACHTA

D'aontaigh comhaltaí den Ffóram Oidhreachta leis na bearta a leanas i ndiaidh d'athbhreithniú bheith déanta ar phlé ó na trí chruinniú den ghrúpa oibre agus tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí idir Dhréacht agus réamh-Dréacht.

**3.Oidhreacht Chultúrtha**

3.1.1 Gnéithe oidhreachta (lena n-áirítear rochtain) ar feadh agus laistigh de chomharsanacht Ghlasbhealach Phort Láirge (seandálaíochta, foirgníochta, cultúrtha agus nádúrtha) a ainmniú agus a iniúchadh

3.1.2 Plean léirmhínithe oidhreachta don Ghlasbhealach a fhorbairt agus a chur chun cinn

3.1.3 Tionscadal oidhreachta scoile áitiúla maidir leis an nGlasbhealach a thionscnamh

3.1.4 Tionscadal a thionscnamh maidir le hainmneacha gort agus logainmneacha Phort Láirge

3.1.5 Tionscadal maidir le hEastáit Fearannais Phort Láirge a fhorbairt

3.1.6 Patrúin agus tíopeolaíochtaí na mbánchríocha agus scéimeanna plandála stairiúla i gContae Phort Láirge a dhoiciméadú

3.1.7 Conairí agus agus slite atá ann agus a bheidh ann agus ar díol suime iad ó thaobh na hoidhreachta a chur chun cinn

3.1.8 Cur chun cinn na Gaeilge agus thionscadail Gaeilge i bPort Láirge a thacú

3.1.9 Scileanna traidisiúnta bruachánach agus muirí, báid agus iascaigh oidhreachta a thaifeadadh agus a chur chun cinn

3.1.10 Bheith ina óstach ag comhdháil náisiúnta faoi longa báite agus faoi oidhreacht mhuirí an oirdheiscirt

3.1.11 Ceirdeanna traidisiúnta, scileanna talmhaíochta, saol faoin tuath agus tionscail bhaile a thaifeadadh agus a dhoiciméadú

3.1.12 Uachtarlanna, ceártaí, agus -hallaí rince Chontae Phort Láirge a mhapáil agus agus a dhoiciméadú

3.1.13 Cosáin Aifrinn, carraigeacha Aifrinn agus scríntí i bPort Láirge a thaifeadadh agus a mhapáil

3.1.14 Taighde, foilseacháin agus cláir faisnéise faoi gach gné d'oidhreacht Phort Láirge a thacú

3.1.15 Cláir imeachtaí agus rannpháirtíocht an phobail sna Deich mBliana de Chuimhneacháin a thacú agus a éascú

3.1.16 Digitiú leanúnach d'ábhar cartlainne a bhaineann le hOidhreacht Phort Láirge a thacú

3.1.17 Straitéis digitithe maidir le bailiúcháin uathúla i seilbh Sheirbhís Leabharlannaíochta agus Sheirbhís Chartlannaíochta Chathair agus Chontae Phort Láirge a chur i dtoll a chéile sa chaoi go mbeidh fáil ar na bailiúcháin sin ag an bpobal.

3.1.18 I gcomhpháirtíocht le Foireann Oidhreacht Chultúrtha Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus faoi threoir Phlean Cultúir agus Cruthaitheachta Phort Láirge, tionscadail agus imeachtaí oidhreachta nua a chruthú agus iadsan atá ann faoi láthair a thacú.

3.1.19 Na bailiúcháin thábhachtacha uathúla i Roinn Staidéir Áitiúil Sheirbhísí Leabharlannaíochta Cathrach agus Contae Phort Láirge agus an obair a dhéantar ansin a thacú agus a chur chun cinn

3.1.20 Daoine aonair agus gnólachtaí a spreagadh chun doiciméid agus ábhair ar díol suntais iad ó thaobh na hoidhreachta a bhronnadh ar Sheirbhís Leabharlainne Phort Láirge agus cuid de bhailiúchán na Roinne Staidéir Áitiúla a dhéanamh díobh.

3.1.21 Forbairt Bhailiúchán Staire Béil a thacú agus a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht le Roinn Staidéir Áitiúil Sheirbhísí Leabharlannaíochta Cathrach agus Contae Phort Láirge

3.1.22 Ábhar taitneamhach agus dea-chleachtas ó thaobh na hOidhreachta de a chur chun cinn trí réimse foilseachán ar ardchaighdeán móide acmhainní bunaithe ar an idirlín ar gach gné den oidhreacht i bPort Láirge a tháirgeadh

3.1.23 An leathanach ar láithreáin ghréasáin WCCC a bhaineann le hOidhreacht a fhorbairt d’fhonn fáil ar acmhainní oidhreachta ar líne, lena n-áirítear faisnéis maidir le maoiniú oidhreachta, a éascú

3.1.24 Tionscadail ghinealaigh ar a n-áirítear tionól clann a thacú, agus conair oidhreachta Theaghlaigh Phort Láirge agus na láithreacha oidhreachta lena mbaineann a fhorbairt

3.1.25 Stair agus acmhainní ginealais teaghlach a fháil agus a bhailiú agus taighde agus eolas maidir leis sin a chur ar fáil do Roinn Staidéir Áitiúil Sheirbhís Leabharlannaíochta Cathrach agus Contae Port Láirge.

**3.2 Seandálaíocht agus Oidhreacht Foirgníochta**

3.2.1 Turasóireacht a bhaineann le hoidhreacht a thacú agus treoraithe oidhreachta atá ag cur fúthu go háitiúil a chur chun cinn sa phobal

3.2.2 Teacht níos éasca ar láithreáin agus ar shéadchomharthaí oidhreachta a chur chun cinn

3.2.3 Aird ar an oidhreacht a mhóscailt i lucht airdill nua agus níos forleithne trí rannpháirtíocht phoiblí agus phearsanta i mapáil agus i dtaifeadadh oidhreachta a spreagadh trí mheáin teicneolaíochta

3.2.4 An Scéim um Shéadchomhartha a Ghlacadh faoi Choimirce agus tionscadail oidhreachta phobalbhunaithe eile a thacú agus a chur chun cinn

3.2.5 Forbairt, líonrú agus clárphleanáil imeachtaí grúpaí oidhreachta áitiúla i gCathair agus i gContae Phort Láirge a thacú agus a chur chun cinn

3.2.6 Fardal na láithreacha cloch i bPort Láirge a thabhairt chun críche

3.2.7 Staidéar ar shaothar iarainn stairiúil a choimisiúnú agus a fhoilsiú don chathair agus don chontae

3.2.8 Plean Bainistithe Caomhnúcháin do Láithreán Séadchomhartha Náisiúnta Bhaile na Coille a fhorbairt

3.2.9 Clár caomhnúcháin do reiligí stairiúla i gCathair agus i gContae Phort Láirge a fhorbairt

3.2.10 Obair Iontaobhas Cathartha Phort Láirge lena n-áirítear conair na plaice goirme agus conairí oidhreachta eile a thacú

3.2.11 Gnéithe oidhreachta ar feadh agus laistigh de chomharsanacht na hAbhann Móire (gnéithe seandálaíochta, foirgníochta, cultúrtha agus nádúrtha) a ainmniú agus a iniúchadh

3.2.12 Nuashonruithe a chur le Suirbhé 2007 maidir le Tuí i bPort Láirge agus foilseachán maidir le tuí i gContae Phort Láirge a chur i dtoll a chéile

3.2.13 Taighde agus cur chun cinn úsáidí inbhuanaithe Oidhreacht Foirgníochta Phort Láirge a thacú

3.2.14 Seimineáir faoi chaomhnú oidhreacht foirgníochta a eagrú

3.2.15 Páirtíocht phoiblí i dtionscnaimh ailtireachta ar nós *Behind Closed Doors* a thacú

### 3.3 Oidhreacht Nádúrtha

3.3.1 Caighdeáin dea-chleachtais agus modheolaíocht maidir le caomhnú agus le bainistíocht a spreagadh, a chur chun cinn agus a fhorbairt d'fhonn cosaint na hoidhreachta agus cosaint suímh oidhreachta a fheabhsú

3.3.2 Acmhainn ar tionscadail oidhreachta a thionscnamh faoi INTERREG, LEADER, FLAG, faoin gComhairle Oidhreachta agus trí bhíthin foinsí maoinithe eile a iniúchadh

3.3.3 Tionscadail a bhaineann leis an oidhreacht, le bithéagsúlacht agus le húsáid áineasa bogach agus uiscebhealaí Phort Láirge a thacú

3.3.4 Cur chun cinn agus cur i bhfeidhm Phlean Pailneora na hÉireann 2015-2020 trí chloí le treoirlínte na bpáirtithe leasmhara faoi pholasaithe agus faoi chleachtais oibre a oirfeadh don phailneor

3.3.5 Feasacht ar shaincheisteanna pailneora a mhúscailt trí sheimineáir, cheardlanna agus shuímh léiriúcháin maidir le dea-chleachtais do phailneoirí

3.3.6 Feasacht agus cóireáil chuí i leith speicis ionracha a mhéadú

3.3.7 Tionscadal Bithéagsúlachta i Scoileanna a thacú

3.3.8 Rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara nua (m.sh. clubanna gailf, clubanna CLG) i mbainistíocht talún le haghaidh bithéagsúlachta a mhéadú

3.3.8 Bainistíocht dea-chleachtais maidir le fálta sceach a chur chun cinn

3.3.9 Páirtíocht an phobail san oidhreacht nádúrtha trí thionscadail bhainistithe gnáthóige áitiúla, trí eolaíocht saoránaigh agus trí chlárphleanáil imeachtaí oidhreachta nádúrtha ag imeachtaí poiblí lena n-áirítear féilte a chur chun cinn agus a thacú

3.3.10 Geoshuímh Phort Láirge agus oidhreacht geolaíochta a chur chun cinn, a chaomhnú agus a fhorbairt

3.3.11 Tacaíocht a thabhairt ar bhonn leanúnach do ghrúpaí Phort Láirge faoi ghnéithe oidhreachta agus bithéagsúlachta de Chomórtas na mBailte Slachtmhara

3.3.12 Mapa Gnáthóige Phort Láirge a fhorbairt ar bhonn leanúnach

3.3.12 Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an Phlean Bhithéagsúlachta Náisiúnta ar bhonn áitiúil agus polasaí agus cleachtas maidir le seirbhísí éiceachórais agus caipiteal nádúrtha a chur chun cinn

**AGUISÍN 1**

**Comhaltaí d'Fhóram Oidhreachta Chathair agus Chontae Phort Láirge 2016-2020**

An Comhairleoir John Carey- Comhalta Tofa

Mary Conway - Seirbhís Leabharlannaíochta Phort Láirge

Alan Cullagh - Iascach Intíre Éireann

James Doherty- Cathaoirleach Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Coiste Trídhathach 1848 , Coiste Stiúrtha Comóradh 1916

John Foley- Calafort Phort Láirge

Willie Fraher - Iarsmalann Chontae Phort Láirge, Dún Garbhán

Mary Flynn -Turasóireacht Oidhreachta, Teach Nell Rathgormac

An Comhairleoir Jim Griffin - Comhalta Tofa

Bernadette Guest - Oifigeach Oidhreachta

Catherine Keena - Bainistíochta Tuaithe, Teagasc

Bernice Kelly- Seandálaí, Bonneagar Iompair Éireann

An Dr Liam Lysaght - Ionad Náisiúnta um Shonraí Bithéagsúlachta

Mícheál Marrináin - Comhaltas Ceoltóirí Eireann

Eamonn McEneaney - Seirbhís Iarsmalanna Phort Láirge

Sharon O'Brien- Roinn na hAiltireachta, ITPL

Maeve O'Callaghan - Seandálaí, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta

Thomas Phelan - Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Coiste Pobail Bhaile an Rodaigh, Coiste Stiúrtha Comóradh 1916

Mike Sweeney - Geopháirc an Chósta Chopair

Jimmy Taaffe - Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge

An Comhairleoir James Tobin - Comhalta Tofa

Dominic Walsh Pleanála Réigiúnach, Tionól Réigiúnach an Deiscirt

**AGUISÍN 2 Amlíne le haghaidh Phróiseas Athbhreithnithe Phlean Oidhreachta Phort Láirge**

**10 Samhain 2015-** An chéad chruinniú d'Fhóram Oidhreachta Phort Láirge. Cathaoirleach Ainmnithe (James Doherty), Comhaltas Grúpa Oibre, aisling aontaithe, ráiteas misin agus cuspóirí straitéiseacha.

**8 Nollaig, 2015 -** Cruinniú Grúpa Oibre Seandálaíochta & Oidhreacht Foirgníochta

**9 Feabhra, 2016** - Cruinniú Grúpa Oibre Oidhreacht Chultúrtha

**24 Feabhra, 2016 -** Cruinniú Grupa Oibre Oidhreacht Nádúrtha

**Márta 2016**- Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí Plean Réamhdhréachtaithe Plé cruinnithe a athbhreithniú agus a chóimheas agus páipéar faoi shaincheisteanna a ullmhú.

Cuireadh páipéir faoi shaincheisteanna i gcúrsaíocht chuig Fóram Oidhreachta.

**11 Iúil, 2016** - An dara chruinniú d'Fhóram Oidhreachta Phort Láirge chun páipéir faoi shaincheisteanna a phlé agus chun bearta le haghaidh Dréachtphlean Oidhreachta a chur in alt a chéile.

**6 Meán Fómhair 2016 -** Cruinniú CPS

**13 Deireadh Fómhair 2016** - Dréachtphlean a chur faoi bhráid Chruinniú Iomlánach Comhairle

**17 Deireadh Fómhair-21Samhain 2016 -** Comhairliúchán Poiblí faoi Dhréachtphlean Oidhreachta

**14 Nollaig 2016**- Aighneachtaí ó phróiseas comhairliúcháin a athbhreithniú

**16 Eanáir 2017**- Tuarascáil ar Aighneachtaí a chur faoi bhráid Choiste Polasaí Straitéisigh um Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta

**9 Feabhra 2017**- Plean Deiridh a Ghlacadh ag Comhaltaí Tofa Chathair agus Chontae Phort Láirge

**Márta -Bealtaine 2017** Plean a Dhearadh agus a Chur i gCló

**Meitheamh 2017**- Plean Oidhreachta Phort Láirge 2017-2022 a Sheoladh

## AGUISÍN 3- Comhaltas de Ghrúpaí Oibre

### Seandálaíocht agus Oidhreacht Foirgníochta

| | |
|---|---|
| Mary Conway | Seirbhís Leabharlannaíochta Phort Láirge |
| James Doherty | Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Coiste Trídhathach 1848 |
| Erika Fay | Cumann Staire agus Seandálaíochta Phort Láirge |
| Des Griffin | Iontaobhas Cathartha Phort Láirge |
| Máire Henry | Ailtirí DHB |
| Jacinta Kiely | Seandálaíocht Eachtra |
| James Lenane | Oidhreacht an Leasa Mhóir |
| Rupert Maddock | Ailtire Sinsearach, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge |
| Sharon O'Brien | Roinn na hAiltireachta, ITPL |
| Maeve O'Callaghan | Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta |
| Thomas Phelan | Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Coiste Pobail Bhaile an Rodaigh |
| Rosemary Ryall | Oifigeach Caomhantais, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge |
| Jim Shine | Iarsmalann Chontae Phort Láirge |

### Oidhreacht Chultúrtha

| | |
|---|---|
| Máire Seó Breathnach | Oifigeach Gaelach, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge |
| Mary Conway | Seirbhís Leabharlannaíochta Phort Láirge |
| James Doherty | Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Coiste Trídhathach 1848 |
| Mary Flynn | Teach Nell Féile Rathgormac, Feile Fiáin an Chomaraigh |
| John Foley | Calafort Phort Láirge |
| Emma Haran | Foireann Tairisceana Phríomhchathair Chultúir na dTriúr Deirfiúracha |
| Bernice Kelly | Seandálaí, Bonneagar Iompair Éireann |
| Mícheál Marrináin | Comhaltas Ceoltóirí Eireann |
| Sharon O'Brien | Roinn na hAiltireachta, ITPL |
| Maeve O'Callaghan | Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta |
| Thomas Phelan | Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Coiste Pobail Bhaile an Rodaigh |
| Joanne Rothwell | Cartlannaí, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge |
| Jim Shine | Iarsmalann Chontae Phort Láirge |

**Oidhreacht Nádúrtha**

| | |
|---|---|
| Alan Cullagh | Iascach Intíre Éireann |
| Eoin Dullea | Gairneoir, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge |
| Liam Lysaght | Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta |
| Jane Russell O'Connor | ITPL |
| Catherine O'Reilly | ITPL |
| Thomas Phelan | Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Coiste Pobail Bhaile an Rodaigh |
| Alan Walsh | Líonra Páirtíochta Pobail |

## AGUISÍN 4- COMHAIRLIÚCHÁN RÉAMHDHRÉACHTA

Fuarthas aighneachtaí ó na daoine agus na dreamanna a leanas:

Christopher Southgate & Comhlaigh thar ceann Ardeaglais an Leasa Mhóir (Tionscadal Slí Dhéagláin)

An Dr Jane Russell O'Connor, ITPL

Roger Garland, *Keep Ireland Open*

Cumann Beachairí Phort Láirge

## AGUISÍN 5 Aighneachtaí a fuarthas le linn phróiseas chomhairliúcháin faoi Dhréachtphlean Oidhreachta

| | |
|---|---|
| Ollie Breslin | Féile Ealaíon Imagine |
| Orla Foley | Iontaobhas Oidhreachta Ghabhair Charraig na bhFraochán |
| Robbie Galvin | Geopháirc an Chósta Chopair |
| Roger Garland | *Keep Ireland Open* |
| Cecily Johnston | Oifigeach Caomhantais |
| Charles Keane | Teach Cheapach Choinn, Conair Ghairdín Phort Láirge |
| Dan McGrath | Tionól Clann |
| Colette O'Connell | Cumann Beachairí Phort Láirge |
| Mary Phelan | Cumann Beachairí Phort Láirge |
| An Dr Jane Russell O'Connor, ITPL | |
| Danny Scannell | Saoránach |
| Rose Ryall | Oifigeach Caomhantais |
| Michael Veale | Cumann Beachairí Phort Láirge |

## AGUISÍN 6- Tionscadail a cuireadh i gcrích faoin bplean oidhreachta roimhe seo

## Sonraí a bhaineann le hOidhreacht Phort Láirge a bhailiú

- Tuarascáil Shuirbhé Bogaigh Chontae Phort Láirge (2006 agus 2015
- Suirbhé Tuí 2008
- Cosaint Chósta Dhumach Thrá Mhór
- Tuarascáil ar Sheandálaíocht Tionscail Phort Láirge
- Suirbhé Reiligí Chontae Phort Láirge
- Staidreamh Scóipe i dTreo Bhainistíocht an Chreasa Chósta Chomhtháite de Bhá Thrá Mhór
- Tuarascáil Suirbhé Sciathán Leathair agus Droichead Phort Láirge
- Suirbhé Chrainn Phort láirge
- Mapa Gnáthóige Phort Láirge
- Iniúchadh Láithreán Oidhreachta Geolaíochta Phort Láirge
- Breathnóir Oidhreachta CFG (Córas Faisnéise Geografaí)
- Iniúchadh Oidhreachta Abhainn Na Siúire
- Suirbhé Reiligí Chontae Phort Láirge
- Suirbhé Chnoc na Croiche  Feasacht a Mhúscailt
- Ailtireacht Phort Láirge - treoir turasóireacht oidhreachta
- Seimineár faoi Bhainistiú Dóiteáin Talaimh Aird
- Oiliúint i Moirtéal Aoil
- Cúrsa i Stair Áitiúil
- Seimineár faoi Sheandálaíocht i gCo. Phort Láirge
- Ráiteas Dearaidh Shráidbhaile Thulach an Iarainn
- Tionscadal Athchóirithe Dhumhach Thrá Mhór
- Bileog um Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Thrá Mhór
- Seimineár faoi Chúram agus Caomhnú Reiligí Stairiúla
  Threoirlínte maidir le Cúram agus Caomhnú Reiligí Stairiúla i bPort Láirge
  Tuarascáil CheardlannTaifeadta um Reiligí
- Seimineár faoi Dhea-Chleachtas Bailte Slachtmhara 2012
- Port Láirge Stairiúil - An Cósta - treoir turasóireacht oidhreachta
- Comhdháil Oidhreachta 2012
- Seimineáir faoi Bogaigh Phort Láirge 2012 & 2013
- Seimineár faoi Oidhreacht mar Inneall Fáis Eacnamaíoch
- Seimineár faoi Oidhreacht Chontae Phort Láirge 2009
- Seimineár faoi Thithe Stairiúla, Dhiméinte agus Ghairdíní
- Foilseachán faoi Dhún Garbhán na Meánaoise

- Seimineár faoi Speicis Ionracha
- Coirí, Pluaiseanna agus Cósta - Oidhreacht Gheolaíochta Phort Láirge
- Seó Bóthair Réabhlóideach - Imeacht Staire Beo
- Patrúin agus Patrúin - Tobair Naofa Phort Láirge
- Scríbhneoirí Gaeilge Phort Láirge - Breathnóir Mapa agus Cairt Bhalla do Scoileanna Mórtas a chur chun cinn
- Féilire Shléibhte an Chomaraigh
- Comórtas Grianghrafadóireacht Oidhreachta
- Sraith Léachtaí Thrá Mhór
- Comharthaíocht Oidhreachta Phort Lách
    - Oidhreacht Phort Lách
    - Foirgnimh Stairiúla Phort Lách
    - Oidhreacht Nádúrtha Phort Lách
- Bord Faisnéise um Oidhreacht Chósta Thrá Mhór
- Bord Faisnéise Oidhreacht Nádúrtha Thrá Mhór
- Cúrsa faoi Oidhreacht an Chomaraigh
- Comharthaíocht Oidhreachta - Tobar Naofa Mhaothla, Caisleán Dún Aill, Láithreáin Chloch agus Clocha Míle an Leasa Mhóir, Reilig Chill Barra, Caisleán Lios Fhinín, Leabharlann Thulach an Iarainn